# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2121 ÓN gCOIMISIÚN

## an 13 Iúil 2022

## lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha le haghaidh an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise idir údaráis inniúla agus ESMA i ndáil le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go bhfuil na húdaráis inniúla agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) in ann comhoibriú le chéile agus faisnéis a mhalartú ar bhealach éifeachtúil tráthúil chun críocha Rialachán (AE) 2020/1503, is iomchuí foirmeacha caighdeánacha, teimpléid chaighdeánacha agus nósanna imeachta caighdeánacha a leagan amach atá le húsáid ag na húdaráis inniúla agus ag ESMA le haghaidh an chomhair agus an mhalartaithe faisnéise sin, lena n-áirítear chun iarrataí ábhartha, admhálacha fála maidir leis na hiarrataí sin agus freagraí ar na hiarrataí sin a chur isteach, agus chun faisnéis a tharchur gan iarraidh.

(2) Chun cumarsáid a éascú, ba cheart do na húdaráis inniúla agus do ESMA pointe teagmhála a ainmniú chun déileáil leis an gcomhar agus leis an malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2020/1503.

(3) Chun a áirithiú go bpróiseálfaidh na húdaráis inniúla iarrataí ar chomhar faisnéise go héifeachtúil agus go gasta, ba cheart a leagan amach go soiléir i ngach iarraidh na cúiseanna atá leis an iarraidh sin. Leis na nósanna imeachta le haghaidh comhair agus malartú faisnéise, ba cheart an t-idirghníomhú idir na húdaráis inniúla agus ESMA a éascú le linn an phróisis.

(4) Ós rud é gur féidir le húdaráis inniúla a iarraidh ar ESMA cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis a chomhordú, is iomchuí foirm chaighdeánach a leagan amach atá le húsáid ag údaráis inniúla agus na hiarrataí sin á ndéanamh.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin.

(6) Baineann ceanglais an Rialacháin seo le húdaráis inniúla agus le ESMA seachas le rannpháirtithe sa mhargadh. Dá bhrí sin, mheas ESMA go mbeadh sé thar a bheith díréireach, i ndáil le raon feidhme agus tionchar na ndréachtchaighdeán cur chun feidhme sa Rialachán seo, comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh maidir leis na caighdeáin sin nó anailís a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo.

(7) D'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) IO L 347, 20.10.2020, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug sé tuairim uaidh an 1 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Pointí teagmhála**

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla agus ESMA araon pointí teagmhála a ainmniú chun iarrataí ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise a dhéantar de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2020/1503 a chur in iúl.

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ESMA maidir le sonraí a bpointí teagmhála dá dtagraítear i mír 1 agus coinneoidh siad ESMA ar an eolas maidir le haon athrú ar na sonraí sin.

3. Déanfaidh ESMA liosta de gach pointe teagmhála arna n-ainmniú i gcomhréir le mír 1 a choinneáil ar bun agus a choinneáil cothrom le dáta.

*Airteagal 2*

**Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise**

1. Nuair a dhéanann ESMA nó údarás inniúil iarraidh ar chomhar agus ar mhalartú faisnéise de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2020/1503, úsáidfidh an t-údarás inniúil iarrthach agus ESMA an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfaidh an páirtí iarrthach an iarraidh a sheoladh chuig pointe teagmhála an údaráis inniúil iarrtha nó chuig ESMA, de réir mar is iomchuí.

2. Agus iarraidh ar fhaisnéis á déanamh ag an údarás inniúil iarrthach nó ag ESMA, sonróidh siad mionsonraí na faisnéise ábhartha atá á lorg agus sainaithneoidh siad, i gcás inarb iomchuí, saincheisteanna a bhaineann le rúndacht na faisnéise atá á lorg.

3. I gcásanna práinneacha, féadfaidh an t-údarás inniúil iarrthach nó ESMA iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a dhéanamh ó bhéal, ar choinníoll go ndéanfar dearbhú maidir leis an iarraidh ina dhiaidh sin i scríbhinn laistigh de thráthchlár réasúnach, seachas má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil iarrtha nó ESMA a mhalairt.

*Airteagal 3*

**Admhálacha fála maidir le hiarrataí**

1. Laistigh de 10 lá oibre ón iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 2 a fháil, déanfaidh an t-údarás inniúil iarrtha nó ESMA, de réir mar is iomchuí, admháil fála a sheoladh chuig an údarás inniúil iarrthach nó chuig ESMA, de réir mar is iomchuí, tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn II a úsáid agus, i gcás inar féidir, léireoidh sé dáta measta freagartha.

2. I gcás ina bhfuil aon amhras ar údarás inniúil iarrtha nó ESMA, de réir mar is iomchuí, i ndáil le hábhar an chomhair nó na faisnéise arna iarraidh nó arna hiarraidh de bhun Airteagal 32(1) de Rialachán (AE) 2020/1503, chun críche Rialachán (AE) 1095/2010 agus i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, iarrfaidh siad tuilleadh soiléirithe a luaithe is féidir trí aon mhodh iomchuí a úsáid, bíodh sin ó bhéal nó i scríbhinn. Ba cheart don údarás a seoltar an iarraidh sin chuige freagra pras a sholáthar.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 4*

**Freagra ar iarrataí**

1. Agus freagra á thabhairt ag an údarás inniúil iarrtha nó ag ESMA, de réir mar is iomchuí, ar iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 2, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn III a úsáid;

(b) gach céim réasúnach laistigh dá chumhachtaí a dhéanamh chun an comhar nó an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil;

(c) gníomhú gan moill mhíchuí, agus castacht na hiarrata agus aon ghá le rannpháirtíocht tríú páirtithe á gcur san áireamh.

2. I gcásanna práinneacha, féadfaidh an t-údarás inniúil iarrtha nó ESMA, de réir mar is iomchuí, freagairt d'iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise ó bhéal, ar choinníoll go dtabharfar an fhreagairt ina dhiaidh sin i scríbhinn laistigh de thráthchlár réasúnach tríd an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn III a úsáid, seachas má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil iarrthach nó ESMA, de réir mar is iomchuí, a mhalairt.

*Airteagal 5*

**Modhanna cumarsáide**

1. Gan dochar d'Airteagail 2(3) agus 4(2), déanfar na foirmeacha caighdeánacha a tharchur i scríbhinn.

2. Agus cinneadh á dhéanamh faoi na modhanna cumarsáide is iomchuí, tabharfar aird chuí ar chúinsí rúndachta, ar an am is gá chun comhfhreagras a dhéanamh, ar an méid ábhair atá le cur in iúl, agus ar a éasca atá an t-údarás inniúil iarrtha nó ESMA, de réir mar is iomchuí, in ann an fhaisnéis a rochtain.

3. Áiritheofar le haon mhodh cumarsáide go ndéanfar iomláine, sláine agus rúndacht na faisnéise is ábhar don mhalartú a choinneáil ar bun le linn an tarchuir.

*Airteagal 6*

**Nósanna imeachta chun iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise a phróiseáil**

1. Tabharfaidh an páirtí iarrtha fógra don údarás inniúil iarrthach nó do ESMA, de réir mar is iomchuí, i gcás inar léir dó go bhfuil imthosca ann a bhféadfadh moill níos nó ná 5 lá oibre teacht astu tar éis an dáta measta freagartha arna shonrú i gcomhréir le hAirteagal 3(1).

2. I gcás ina gcáileoidh an t-údarás inniúil iarrthach nó ESMA, de réir mar is iomchuí, an iarraidh mar iarraidh phráinneach, tiocfaidh an t-údarás inniúil iarrtha nó ESMA, de réir mar is iomchuí, ar chomhaontú maidir lena mhinice a dhéanfaidh sé an páirtí iarrthach a thabhairt cothrom le dáta maidir le haon dul chun cinn a dhéantar i dtaca le próiseáil na hiarrata agus i dtaca leis an dáta measta freagartha.

3. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla agus ESMA chun teacht ar réiteach maidir le haon deacracht a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus iarraidh á próiseáil.

4. Tabharfaidh na húdaráis inniúla agus ESMA, i gcás inarb iomchuí, aiseolas dá chéile maidir lena úsáidí a bhí an cúnamh a fuarthas, maidir le toradh an cháis ar iarradh an cúnamh ina leith agus maidir le haon fhadhb a tháinig chun cinn agus an cúnamh sin á sholáthar.

*Airteagal 7*

**Iarraidh ar ESMA chun cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis a chomhordú**

1. Agus iarraidh á déanamh ag na húdaráis inniúla ar ESMA cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis a chomhordú i gcomhréir le hAirteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2020/1503, déanfaidh siad an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid.

2. Soláthróidh na húdaráis inniúla, gan mhoill, an fhaisnéis uile is gá do ESMA chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

3. I gcás ina n-iarrtar ar ESMA faoi Airteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2020/1503 cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis a chomhordú, féadfaidh ESMA grúpa sealadach a bhunú ar bhonn *ad hoc* chun údaráis inniúla na mBallstát a ndéantar difear dóibh leis an imscrúdú nó leis an gcigireacht sin a áireamh.

*Airteagal 8*

**Tarchur faisnéise gan iarraidh**

1. I gcás ina mbeidh faisnéis ag údarás inniúil nó ag ESMA a chreideann sé a bheith ina cuidiú do ESMA nó leis an údarás inniúil a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2020/1503, déanfaidh sé an fhaisnéis sin a tharchur tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid.

2. De mhaolú ar mhír 1, má chreideann an t-údarás inniúil nó ESMA atá ag tarchur na faisnéise gur cheart an fhaisnéis a sheoladh go práinneach, féadfaidh sé an fhaisnéis a chur in iúl ó bhéal ar dtús. I gcás den sórt sin, déanfar an fhaisnéis a tharchur ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn III, seachas má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil nó ESMA atá ag fáil na faisnéise a mhalairt.

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Foirm le haghaidh iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2020/1503**

Iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéis

Uimhir thagartha:

Dáta:

**Faisnéis ghinearálta**

Ó:

| ☐ Údarás inniúil náisiúnta | ☐ ESMA |
|---|---|
| Ballstát:<br>Údarás inniúil iarrthach:<br>Seoladh: | Seoladh |

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CHUIG:

Ballstát (más infheidhme):

Faighteoir:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

A [*cuir isteach an t-ainm cuí*], a chara,

I gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2020/1503, tá d'ionchur á lorg i ndáil leis an ábhar nó leis na hábhair a leagtar amach thíos go mionsonraithe.

Bheinn buíoch as freagra a fháil ar an iarraidh thuas faoin [*cuir isteach an dáta táscach le haghaidh an fhreagra nó, i gcás iarraidh phráinneach, cuir isteach an spriocdháta chun an fhaisnéis a chur ar fáil*] nó, i gcás nach mbeidh sin indéanta, an dáta a mheasann tú go mbeidh tú in ann an cúnamh atá á iarraidh a sholáthar.

**An cineál iarrata**

Cuir tic leis an mbosca/na boscaí cuí:

☐ Cumhachtaí imscrúdúcháin agus maoirseachta na n-údarás inniúil

☐ Comhar idir údaráis inniúla

☐ Bearta réamhchúraim

☐ Eile

Más "Eile" atá i gceist, sonraigh:

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

**Cúiseanna atá leis an iarraidh**

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

[*Cuir isteach foráil/forálacha na reachtaíochta earnálaí faoina bhfuil an t-údarás iarrthach inniúil chun déileáil leis an ábhar*]

Baineann an iarraidh le comhar nó le malartú faisnéise maidir le ……………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

[*Cuir isteach tuairisc ar ábhar na hiarrata, an cuspóir a bhfuil an comhar nó an malartú faisnéise á lorg ina leith, na fíorais is bun le haon imscrúdú atá ina mbunús leis an iarraidh agus míniú ar a chabhraí atá sé*]

Anuas ar ..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

*[más infheidhme, cuir isteach mionsonraí na hiarrata roimhe sin ar a bhfuil an iarraidh reatha bunaithe]*

I gcás iarraidh phráinneach agus aon spriocdháta a leagan síos, tabhair míniú iomlán ar phráinn na hiarrata agus míniú ar aon spriocdháta ar iarr an t-údarás iarrthach an fhaisnéis a chur ar fáil faoi:

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

Faisnéis bhreise:

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

Coinneofar an fhaisnéis atá san iarraidh seo faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2020/1503. Déanfaidh ESMA aon sonra pearsanta a chuirfear ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áiritheoidh ESMA agus na húdaráis inniúla ábhartha araon go háirithe go gcuirfear gach faisnéis ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar fáil do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 "Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta" de Chaibidil III "Cearta an ábhair sonraí" de na Rialacháin seo.

Mise le meas,

[*síniú*]

*IARSCRÍBHINN II*

**An fhoirm admhála fála**

Admháil fála

Uimhir thagartha:

Dáta:

| ☐ Údarás inniúil náisiúnta | ☐ ESMA |
|---|---|
| Ballstát:<br>Údarás inniúil iarrthach:<br>Seoladh: | Seoladh |

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CHUIG:

Ballstát (más infheidhme):

Faighteoir:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála)

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

A *[cuir isteach an t-ainm iomchuí]*, a chara,

De bhun d'iarratas *[cuir isteach tagairt don iarraidh]*, admhaímid leis seo go bhfuarthas an iarraidh sin an *[cuir isteach an dáta a fuarthas an iarraidh ar chomhar nó an iarraidh ar fhaisnéis]*.

Dáta measta freagartha: ………………………………………………………………………………………

Déanfaidh ESMA aon sonra pearsanta a chuirfear ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áiritheoidh ESMA agus na húdaráis inniúla ábhartha araon go háirithe go gcuirfear gach faisnéis ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar fáil do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 "Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta" de Chaibidil III "Cearta an ábhair sonraí" de na Rialacháin seo.

Mise le meas,

[síniú]

*IARSCRÍBHINN III*

## An fhoirm chun freagra a thabhairt ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise agus le haghaidh malartú faisnéise gan iarraidh

Freagra ar iarraidh ar chomhar nó ar mhalartú faisnéise

Uimhir thagartha:

Dáta:

**Faisnéis ghinearálta**

| ☐ Údarás inniúil náisiúnta | ☐ ESMA |
|---|---|
| Ballstát:<br>Údarás inniúil iarrthach:<br>Seoladh: | Seoladh |

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CHUIG:

Ballstát:

Faighteoir:

Seoladh:

(Sonraí an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

A [*cuir isteach an t-ainm cuí*], a chara,

Admhaímid leis seo go bhfuil d'iarraidh dar dáta [*ll.mm.bbbb*] lena ngabhann an uimhir thagartha [*cuir isteach uimhir thagartha na hiarrata*] próiseáilte againn [*ní bhaineann le hábhar i gcás malartú faisnéise gan iarraidh*].

**Faisnéis a bailíodh**

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

[*má bailíodh an fhaisnéis, leag amach anseo an fhaisnéis nó tabhair míniú ar an gcaoi a dtabharfar í*].

[*I gcás malartú faisnéise gan iarraidh, leag amach an fhaisnéis atá le tabhairt ar bhonn gan iarraidh*].

[Tá an fhaisnéis a thugtar faoi rún agus nochtar í le [*cuir isteach ainm an údaráis iarrthaigh*] de bhun [*cuir isteach foráil Rialachán (AE) 2020/1503]* agus ar an mbonn go bhfanfaidh an fhaisnéis faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2020/1503.] [nó] [Tá cead an fhaisnéis arna tabhairt a nochtadh de bhun Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2020/1503.]

I gcás inarb ábhartha, mínigh aon soiléiriú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait maidir leis an bhfaisnéis bheacht a iarrtar:

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

Tabhair as do stuaim féin, aon fhaisnéis fhíor-riachtanach lena bhféadfadh tuilleadh cúnaimh a thabhairt don chomhar nó don mhalartú faisnéise chun críocha na hiarrata:

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………………

Déanfaidh ESMA aon sonra pearsanta a chuirfear ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áiritheoidh ESMA agus na húdaráis inniúla ábhartha araon go háirithe go gcuirfear gach faisnéis ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar fáil do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 “Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta” de Chaibidil III “Cearta an ábhair sonraí” de na Rialacháin seo.

Mise le meas,

[síniú]

*IARSCRÍBHINN IV*

**Foirm le haghaidh iarraidh ar ESMA chun cigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis de bhun Airteagal 32(2) de Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhordú**

Iarraidh ar chomhordú a dhéanamh ar chigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis

Uimhir thagartha:

Dáta:

**Faisnéis ghinearálta**

Ó:

Ballstát:

Údarás inniúil iarrthach:

Seoladh:

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

CHUIG:

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)

(Sonraí teagmhála an phointe teagmhála):

Ainm:

Uimhir theileafóin:

Seoladh ríomhphoist:

**Faisnéis maidir leis an iarraidh ar chomhordú**

**Cúiseanna atá leis an iarraidh**

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

*[Cuir isteach foráil/forálacha na reachtaíochta earnálaí faoina bhfuil an t-údarás iarrthach inniúil chun déileáil leis an ábhar]*

Baineann an iarraidh le comhordú a dhéanamh ar chigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis maidir le ……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

*[cuir isteach tuairisc ar ábhar na hiarrata, an cuspóir a bhfuil an comhordú ar chigireacht nó imscrúdú ar an láthair a bhfuil éifeacht trasteorann léi nó leis á lorg ina leith, na fíorais is bun leis an imscrúdú atá ina mbunús leis an iarraidh agus míniú ar a chabhraí atá sé]*

Anuas ar ……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

*[más infheidhme, cuir isteach mionsonraí na hiarrata roimhe sin ar a bhfuil an iarraidh reatha bunaithe]*

I gcás iarraidh phráinneach agus aon spriocdháta a leagan síos, tabhair míniú iomlán ar phráinn na hiarrata agus míniú ar aon spriocdháta ar iarr an t-údarás iarrthach an fhaisnéis a chur ar fáil faoi:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Faisnéis bhreise:

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………………

Coinneofar an fhaisnéis atá san iarraidh seo faoi rún i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2020/1503. Déanfaidh ESMA aon sonra pearsanta a chuirfear ar fáil a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha iad a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áiritheoidh ESMA agus na húdaráis inniúla ábhartha araon go háirithe go gcuirfear gach faisnéis ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar fáil do na hábhair sonraí i gcomhréir le Roinn 2 "Faisnéis agus rochtain ar shonraí pearsanta" de Chaibidil III "Cearta an ábhair sonraí" de na Rialacháin seo.

Mise le meas,

[síniú]